**TREOIRLÍNTE CHUN FÓGRA UM ACHOMHAIRC A CHOMHLÁNÚ MAIDIR LE LÁITHREÁN FOLMHACH**

Faoi Alt 13(1) den Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithe 2015 féadfaidh **ÚINÉIR** láithreán folamh achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Luachála i gcoinne chinneadh an údaráis pleanála ar **Luach Margaidh** na talún. Níl sna treoirlínte seo a leanas ach cúnamh don achomharcóir agus ní bheartaíonn siad aon léirmhíniú dlíthiúil a bheith acu.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach nglacfar leis an achomharc seo ach amháin má fhaightear é laistigh de 28 lá ó dháta an fhógra a thug an t-údarás pleanála faoi alt 12(4) d'Acht 2015 faoin luacháil nó faoin luacháil athbhreithnithe, de réir mar a bheidh, atá curtha ar an suíomh folamh aige.**

**Cuid 1** Líon isteach sonraí an tsuímh fholamh (seoladh poist iomlán, achar i méadair chearnacha)

**Cuid 2** Líon isteach ainm(neacha) agus seoladh teagmhála **ÚINÉIR(UINÉIRÍ)** an tsuímh fholaimh

**Cuid 3** Líon isteach ainm an údaráis phleanála lena mbaineann agus dáta an fhógra a thug an t-údarás pleanála faoi alt 12(4) d'Acht 2015 faoin luacháil a chuir sé ar an láithreán folamh mar atá leagtha amach san fhógra

**Cuid 4** Líon isteach méid an Luach Mhargaidh mar a chinneann an t-údarás pleanála é

**Cuid 5** De réir Alt 13(4) den Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithe 2015, ní mór duit na cúiseanna bailí **sonracha** atá leis an achomharc a leagan amach. I bhfocail eile, tabhair breac-chuntas go hachomair ar na cúiseanna beachta atá le hachomharc a dhéanamh in aghaidh chinneadh an údaráis phleanála ar an Luach Margaidh.

**Cuid 6** Ceanglaíonn Alt 13(5) den Acht um Athghiniúint Uirbeach agus Tithe 2015 ar an mBinse d'Fhógra um Achomhairc a chóipeáil chuig an údarás pleanála a chinn an luach margaidh agus chuig aon duine eile ar dealraitheach don Bhinse go ndéanann an cinneadh difear díreach dó/di agus beidh aon duine mar sin i dteideal éisteacht a fháil agus fianaise a thabhairt ar aird ag éisteacht an achomhairc. Má tá tú ar an eolas faoi aon duine eile mar sin líon isteach le do thoil ainm, seoladh agus sonraí teagmhála teileafóin an duine sin, más eol duit

**Cuid 7** Ní mór duit an seoladh le haghaidh comhfhreagrais a bhaineann leis an achomharc a shonrú murab é an seoladh a thugtar i gCuid 2 é. Má tá treoir tugtha agat d'Aturnae nó do Luachálaí maidir le d'achomharc, luaigh ainm agus seoladh iomlán do Aturnae nó Luachálaí mar go gcuirfidh an Binse gach comhfhreagras maidir le d'achomharc ar aghaidh chuig seoladh do Ghníomhaire.

Ní mór aon táille a ghearrtar de bhun rialachán arna ndéanamh faoi alt 4(2) den Acht Luachála 2001 a chur leis an bhFógra um Achomhairc seo. Ní bheidh achomharc bailí **ach amháin** má bhíonn an táille chuí ag gabháil leis.

Ba chóir go mbeadh seiceanna nó Orduithe Poist a dhéanamh iníoctha leis an mBinse Luachála.


**The Registrar**
**Valuation Tribunal**
**3rd Floor**
**Holbrook House**
**Holles Street**
**Dublin 2**

**An Cláraitheoir**
**An Binse Luachála**
**An Tríú Urlár**
**Teach Holbrook**
**Sráid Holles**
**Baile Átha Cliath 2**

**Teileafón: 01-676 0130** **Facs: 01-642 5990** **Ríomhphost: info@valuationtribunal.ie**